



Éamon Ó Cuív TD

Dáil Éireann

Sráid Chill Dara

Baile Átha Cliath 2

[eamon.ocuiv@oireachtas.ie](mailto:eamon.ocuiv@oireachtas.ie)

27 Aibreán 2021

CD Tag 18882/21

Chun a fhiafraí den Aire Sláinte cén líon daoine sa stát a chuir lámh ina mbás féin, briste síos de réir contae agus de réir aoise, gach bliain ó 2010 i leith; na beartais atá i bhfeidhm leis an líon seo a laghdú do na blianta atá romhainn; agus an ndéanfaidh sé ráiteas ina thaobh.

A Theachta, a chara,

Iarradh ar an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (NOSP) freagra a thabhairt ar do cheist.

### Staitisticí maidir le Féinmharú go 2019

Is Cróinéirí a dhéanann an cinneadh dlíthiúil ar chuir duine lámh ina bhás féin nó nár chuir sa stát seo, ní cinneadh leighis de chuid na ndochtúirí ná FnaSS atá i gceist. Tá gach eolas maidir le básanna de bharr féinmharaithe, ar fáil go poiblí duit ar shuíomh gréasáin na Príomh-oifige Staidrimh [www.cso.ie](http://www.cso.ie).

Is féidir leat breathnú ar ár gcáipéis faisnéise maiindr le sonraí bliantúla POS atá ar fáil agus coinnítear uasdátaithe é anseo : <https://www.hse.ie/eng/services/list/4/mental-health-services/connecting-for-life/publications/nosp-briefing-on-suicide-figures.html>.

Tá an t-eolas a leanas sa cháipéis faisnéise seo ;

- Líon na ndaoine a chuir lámh ina mbás féin sa stát (ó 2005 go 2019)
- Ráta féinmharaithe de réir inscne (ó 2001 go 2019)
- Na rátaí um mheán gluaisteach trí bliana maidir le féinmharú, de réir contae ( ó 2004 go 2019).



Connecting for Life

Má bhíonn aon eolas eile uait nach bhfuil anseo, is féidir é a fháil ar shuíomh gréasáin na Príomh-oifige Staidrimh agus go sonrach ar a dtairseach [PxStat](#) nó ar na táblaí [Vital Statics](#).

## Staitisticí maidir le Féinmharú do 2020

Go dtí seo, tá eolas go dtí Ráithe 3, 2020 foilsithe ag POS.

- R1 2020 – 72 bás de bharr féindochar d'aon ghnó.
- R2 2020 – 25 bás de bharr féindochar d'aon ghnó
- R3 2020 – 94 bás de bharr féindochar d'aon ghnó

Níl an t-eolas ar fáil de réir contae sna foilseacháin reatha [quarterly publications](#). Ní mór suntas a thabhairt don nóta caveat a leanas a chuir POS isteach maidir le Ráithe 2 2020:

*"The number of deaths registered in Quarter 2 2020 that were assigned an Underlying Cause of Death of intentional self-harm was 25, this is less than a quarter (24.0%) of the number assigned the same Underlying Cause of Death code of intentional self-harm in the same quarter of 2019. All unnatural deaths, which includes deaths from intentional self-harm must be referred to the Coroner's Office. However, the Coroner's Court did not hold public hearings as a consequence of the restrictions imposed due to the COVID-19 pandemic and this would impact on the number of deaths registered and subsequently assigned an Underlying Cause of Death of intentional self-harm."*

## Cúlra na staitisticí maidir le féinmharú

Rangaítear bás de bharr féindochar d'aon ghnó mar bhás mínádúrtha agus dá bhrí sin, caithfidh Cróníeir é a fhiosrú.

D'fhéadfadh go nglacfadh an fiosrúchán seo roinnt mhaith ama lena chur i gcrích ar chúiseanna éagsúla (mar shampla tuairiscí míochaine, tuarascálacha sláinte agus sábháilteachta a fháil, tuarascáil an innealtóra, rannpháirtíocht an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí srl.) agus cuireann sé seo moill ar chlárú na mbásanna sin.

Ansin, foilsíonn an POS an t-eolas i dtrí chéim ;

1. Sonraí na bliana clárúcháin – “ sealadach”
2. Leasaítear iad seo ina dhiaidh sin de réir na bliana ar tharla an bás – “oifigiúil”
3. Leasaítear iad arís ina dhiaidh sin chun “clárúcháin dhéanacha” a chur san áireamh

## Ceangail ar Feadh an tSaoil: Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú

Is é Ceangail ar Feadh an tSaoil Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú.

Leagtar amach fíos sa straitéis seo chun an líon daoine a chuireann lámh ina mbás féin a laghdú. agus ina gcuirtear ar chumas an phobail agus daoine aonair feabhas a chur ar a meabhairsláinte.

Tá an straitéis bunaithe ar fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha maidir le straitéis éifeachtacha chun féinmharú a chosc. Tá an cur chuige seo atá bunaithe ar an fhianaise ag méadú agus ag teacht chun cinn i gcónaí ar fud an domhain.

Cuireann na struchtúir feidhmithe seo an-bhéim ar mheastóireacht agus ar thaighde. Cuideoidh an straitéis mar sin leis an mbonn eolais náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le hiompar féinmharaithe agus cuideoidh sé le straitéisí agus seirbhísí coisctheacha a mhúnlú agus a threorú sa todhchaí.

Tá Éire ar cheann de 38 tír, a bhfuil straitéis náisiúnta neamhspleáach um fhéinmharú a chosc ag an rialtas.

### Síneadh ama á chur le Ceangail ar Feadh an tSaoil tar éis 2020

D'fhogair an tAire Sláinte Stephen Donnelly TD agus an tAire Stáit um Mheabhairshláinte agus Daoine Aosta, Mary Butler TD go raibh síneadh ama á chur le Ceangail ar Feadh an tSaoil: Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú go 2024, i mí na Samhna 2020.

- tá níos mó eolais le fáil faoin síneadh ama seo ón Roinn Sláinte anseo , [here](#)

Tugann an síneadh ama a cuireadh le Ceangail ar Feadh an tSaoil deis anois chun go leor struchtúr feidhmithe atá bunaithe go háitiúil cheana féin a chur chun cinn agus a neartú ar fud na tíre. Déanfar na 17 Plean Gníomhaíochta um Cheangail ar feadh an tSaoil atá i bhfeidhm cheana féin a leathnú agus a nuashonrú chun teacht le plein forfheidhmithe náisiúnta nua.

### Ceangail ar Feadh an tSaoil a fheidhmiú

Faoi straitéis, comhordaíonn an Grúpa Náisiúnta Stiúrtha agus Forfheidhmithe Tras-earnála ([National Cross Sectoral Steering and Implementation Group](#)) ((faoi chathaoirleacht na Roinne Sláinte) straitéisí maidir le Ceangail a Feadh an tSaoil bhfeidhm na Straitéise. Ina theannta sin, déanann Oifig Náisiúnta FnaSS chun Féinmharú a Chosc (NOSP) maoirseacht agus comhordú ar chur i gcrích na straitéise.

D'fhoilsigh an NOSP pleán feidhmiúcháin nua sofhreagrach do 2020 go 2022 [implementation plan for 2020 to 2022](#), , tógha ar thaithí ar chur i bhfeidhm go dtí seo. Go sonrach, tá an pleán seo bunaithe ar thorthaí Athbhreithniú Straitéiseach Eatramhach neamhspleách 2019 agus ar chomhairliúchán le comhpháirtithe feidhmithe, páirtithe leasmhara agus ranna rialtais. Caithfear Ceangail ar Feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm ar bhonn áitiúil, go príomha. Tá struchtúir áitiúla ann chun tacú le 17 bPlean Gníomhaíochta áitiúla chun Féinmharú a Chosc, ar fud na tíre. Tá gach ceann acu ceangailte leis na haidhmeanna, na cuspóirí agus na gníomhartha a leagtar amach i Straitéis um Cheangail ar feadh an tSaoil.

Tá gréasán de 20+ Oifigeach Acmhainní um Fhéinmharú a Chosc de chuid FnaSS [Resource Officers for Suicide Prevention](#) lárnach san obair agus ag déanamh comhordú ar Ceangail ar Feadh an tSaoil go háitiúil. Oibríonn siad i réimse Seirbhísí Sláinte Pobail, Eagraíochtaí Sláinte Pobail (ESPnna) agus i réigiún ar fud na tíre. Déanann na hoifigigh seo comhordú ar ullmhú , na bpleananna gníomhaíochta réigiúnacha maidir le féinmharú a chosc agus agus tacaíonn siad lena gcur i bhfeidhm. Tacaíonn siad lena gcur i bhfeidhm , lena stiúradh agus maoirseacht.

- Tuilleadh eolais faoi Cheangail ar Feadh an tSaoil anseo [www.connectingforlifeireland.ie](http://www.connectingforlifeireland.ie)
  - Tuilleadh eolais maidir le hOifig Náisiúnta um fhéinmharú a chosc FnaSS anseo [www.nosp.ie](http://www.nosp.ie)
- 

Ar deireadh, moltar do dhaoine gan an téarma' lámh a chur ina mbás féin " a úsáid, de bhrí go mbeifí ag tabhairt le fios go ndearnadh cion. Ní cion é lámh a chur i do bhás féin sa stát seo ó 1993. Má úsáidtear an téarma seo, d'fhéadfaí stiogma a fhágáil ar an té a fuair bás ar an mbealach seo agus ar na daoine atá faoi bhrón de bharr na tubaiste .

Tá síul agam go bhfuil an t-eolas seo tairbheach duit. Má bhíonn níos mó eolais uait beidh lucháir orm é a chur ar fáil .

Le dea-mhéin,



Mr John Meehan

Leasstiúrthóir Náisiúnta FnaSS, Straitéis Agus Pleanáil Meabhairshláinte

Ceannasaí Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc  
(NOSP)

[johnf.meehan@hse.ie](mailto:johnf.meehan@hse.ie)